**RABHADH**

An bhileog seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar – sin nó caillfear marcanna.

**M. 41T**

**Cuir do SCRÚDUIMHIR anseo** ☞ [ ]

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

**EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL**
**(320 marc)**

**DÉ CÉADAOIN 20 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

**Freagair cúig cheist déag as CUID I agus ceithre cheist as CUID II. Ní cóir dhuit níos mó ná uair a chloig a chaitheamh le CUID I.**

THALL→

## Cuid I (120 marc)

**Freagair cúig cheist déag.**
**Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.**
**Tá an líon chéanna marcanna ag na ceisteanna uilig.**

1. Is iad seo na hEarnálacha sa Gheilleagar Náisiúnta:

   (i) Talmhaíocht (ii) ____________________ (iii) ____________________

2. Luaigh in ord tábhachta an **DÁ** chúige is mó ina bhfástar gránaigh de réir mar a thomhaistear an céatadán barraí gránacha iontu.

   (i) ____________________

   (ii) ____________________

3. Mínigh toisc **"bhainistíocht"** na táirgíochta.

   ____________________

   ____________________

4. Luaigh gné **AMHÁIN** den fheirmeoireacht in Éirinn a chothaíonn deacrachtaí maidir le margaíocht táirgí talmhaíochta.

   ____________________

5. Cén fáth go bhfuil brabús le déanamh ar tháirgí déiríochta a onnmhairiú chuig tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach cé go bhfuil praghsanna táirgí déiríochta sna tíortha sin i bhfad níos ísle ná mar atá in Éirinn?

   ____________________

   ____________________

6. Luaigh réamhchúram **AMHÁIN** a d'fhéadfadh feirmeoir a ghlacadh chun maolú ar an éiginnteacht maidir le praghsanna sa todhchaí.

   ____________________

7. Tá cuid mhór athróg a théann i bhfeidhm ar sholáthar thráchtearra. Luaigh **DHÁ** cheann díobh seachas praghas an tráchtearra féin.

   (i) ____________________

   (ii) ____________________

8. Cén fáth go bhfuil praghasleaisteachas níos mó san éileamh ar im ó Éirinn ar mhargadh na Gearmáine ná mar atá ar mhargadh na hÉireann?

   ____________________

   ____________________

9. Luaigh sampla **AMHÁIN** d'ísliú gearrthréimhseach ar éileamh.

   ____________________

10. “Is le feirmeoirí iad féin formhór na dtosca táirgíochta san fheirmeoireacht in Éirinn”.
Mínigh an ráiteas seo.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

11. Más é £300 an ceann an meánphraghas ar eallach i mbonntréimhse, agus má tá £500 mar phraghas anois ann, cuir le chéile innéacs praghsanna chun é seo a thaispeáint.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

12. Is é an ioncaim teaghlaigh feirme ann ná filleadh ar acmhainní________________________.

13. Cén uair a bhaintear úsáid as Buiséad Iomlán i bpleanáil feirme?

______________________________________________________________________________

14. Is féidir le feirmeoirí teacht ar chaipiteal nua ó fhoinsí eile seachas iasachtaí.
Ainmnigh **<u>DHÁ</u>** fhoinse.
(i) ___________________________________ (ii) ____________________________________

15. Luaigh Scéim nó Fóirdheontas **<u>AMHÁIN</u>** a spreagann úsáid fhorleathan talún.

______________________________________________________________________________

16. Luaigh sampla **<u>AMHÁIN</u> faoi seach** den dá aicme ionchuir:
(i) Ionchuir a chuirtear ar fáil laistigh den fheirmeoireacht agus a úsáidtear go príomha don fheirmeoireacht

______________________________________________________________________________

(ii) Ionchuir a chuirtear ar fáil lasmuigh den fheirmeoireacht agus a úsáidtear go príomha don fheirmeoireacht.

______________________________________________________________________________

17. Luaigh **<u>DHÁ</u>** mhíbhuntáiste don talmhaíocht a bhaineann le Saorthrádáil.

(i) ___________________________________________________________________________

(ii) ___________________________________________________________________________

18. Is ionann íocaíochtaí i leith easnaimh agus difríocht idir praghsanna_______agus praghsanna ________

19. Ainmnigh **<u>DHÁ</u>** thráchtearra atá tábhachtach d’fheirmeoirí in Éirinn, nach dtagann faoi scáth an Chomhbheartais Talmhaíochta:

(i) ___________________________________(ii)___________________________________

20. Luaigh buntáiste **<u>AMHÁIN</u>** agus míbhuntáiste **<u>AMHÁIN</u>** a bhaineann le geilleagar an “Tíogair Cheiltigh” don fheirmeoireacht in Éirinn.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

M.41(A)T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ CÉADAOIN 20 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00**

Tá Cuid a hAon ar bhileog ar leith agus spásanna uirthi do na freagraí. **Cuir an bhileog iomlán isteach i do fhreagarleabhar.**

**THALL→**

## CUID II (200 marc)

**Freagair ceithre cheist.**
**Scríobh na freagraí don chuid seo i do fhreagarleabhar.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

1. (i) Déan cur síos ar an slabhra bia a chríochnaíonn leis an mairteoil a cheannaíonn an tomhaltóir in Éirinn.

   (ii) Cén fáth go bhfuil maolú de réir a chéile ag teacht ar ról an fheirmeora sa slabhra bia?

2. Scríobh tuairisc ar thionscal na déiríochta in Éirinn faoi **thrí** cinn ar bith de na ceithre cheannteidil seo a leanas:

   (a) Príomh-asraonta margaidh;
   (b) Séasúracht na táirgíochta;
   (c) Éagsúlú:
   (d) Bearnaí i bpraghas an bhainne idir an praghas a fhaigheann na feirmeoirí déiríochta in Éirinn ar an margadh onnmhairíochta i gcomparáid le feirmeoirí déiríochta i mballstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

3. Sceideal éileamh ime in Éirinn.

| **Praghas Ime (£) an kg** | **Méid a cheannaítear Tonnaí/sa bhliain, '000** |
|---|---|
| 4.00 | 25.0 |
| 3.50 | 30.0 |
| 3.00 | 35.0 |
| 2.50 | 40.0 |
| 2.00 | 45.0 |
| 1.50 | 50.0 |

   (i) Bain úsáid as na sonraí sa tábla thuas chun cuar éileamh ime a chruthú.

   (ii) Mínigh cén fáth go bhfuil claonadh diúltach ar an gcuar.

   (iii) Luaigh **DHÁ** thoisc a d'fhéadfadh bogadh a dhéanamh ar an gcuar éilimh.

   (iv) Ríomh an t-ioncam a bheadh á thuilleamh ag 25,000 tonna.

4. Seo thíos na sonraí d'fheirm teaghlaigh ar a bhfuil duine amháin fostaithe:

| | £ |
|---|---|
| Díolacháin lúide ceannacháin | 100,000 |
| Méadú ar Fhardail | 5,000 |
| Tomhaltas teaghlaigh | 1,000 |
| Costais athraitheacha | 30,000 |
| Costais sheasta | 35,000 |
| Tuarastail bharúlacha | 15,000 |
| Infheistíocht iomlán | 500,000 |
| Toradh barúlach ar infheistíocht | 5% |

Ríomh:

(i) Ioncaim teaghlaigh feirme

(ii) Ioncaim bainistíochta agus infheistíochta

(iii) Brabús.

5. Mínigh an ról atá acu seo a leanas i mbeachtú pholasaí talmhaíochta an Aontais Eorpaigh.

(i) Comhairle na nAirí

(ii) Parlaimint na hEorpa

(iii) Coimisiún na hEorpa.

6. "Úinéirí lonnaitheacha is ea feirmeoirí na hÉireann". Mínigh an ráiteas seo agus rianaigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le tionacht den chineál seo.